

# Sábháilteacht Suímh

## Ná déan na nithe seo riamh:

- ✗ Breosla a stóráil faoi charbháin.
- ✗ Ligint do bhruscar bailiú laistigh de charbháin nó timpeall orthu.

## Déan cinnte de:

- ✓ Go bhfágfar bearna de thimpeall 6 mhéadar idir carbháin nuair nach bhfuil bhfuil toitbhearna (m.sh. balla bríce) ann chun an tine a bhac ó scaipeadh.
- ✓ Go bpáirceáiltear carranna glan amach ó charbháin.
- ✓ Go bhfágfar bóithre rochtana glan le haghaidh seirbhísí éigeandála.
- ✓ Go stóráiltear sorcóirí folmha gáis in ionad stórála oiriúnach amach ó charbháin agus ó fheithiclí.
- ✓ Go bhfaigheann tú amach cad iad na saoráidí atá ar fáil ar an suíomh do Chomhrac Dóiteáin agus conas a oibríonn siad.



## FÍRICÍ!

- Faigheann 46 duine bás ar an meán gach bliain i ndóiteáin sa tír seo.
- Ní do dhaoine eile a tharlaíonn dóiteáin i gcónaí.
- D'fhéadfadh an chéad dóiteán eile a bheith i do charbhán.

# Pointí Ginearálta Sábháilteachta

## Déan cinnte de:

- ✓ Go mbíonn aeráil sa charbhán agus ná cuir bac ar ghaothairí – d'fhéadfadh sé a bheith marfach.
- ✓ Go gcoinnítear múchtóir tine sa charbhán, in aice an dorais.
- ✓ Go mbíonn Fearas Céadchabhrach ceart sa charbhán.

## Cuimhnigh:

Bí cúramach agus téitheoirí iniompair leictreacha/ gáis/ola á n-úsáid.

- Úsáid garda splancanna leis na téitheoirí seo i gcónaí.
- Ná húsáid in aice le troscán, cuirtíní srl iad, agus déan cinnte de nach féidir iad a leagadh.
- Bí an-chúramach go deo má tá téitheoirí á n-úsáid chun éadaí a thriomú.
- Ná fág lasta iad agus tú ag dul a luí.
- Bí cúramach le peataí má tá siad in aice leis na téitheoirí.



Comhshaoil, Pobal agus Rialtas Áitiúil  
Environment, Community and Local Government

Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, Éire  
teileafón: +353 1 8882381 faics: +353 1 8882645  
[www.environ.ie](http://www.environ.ie) [firesafety@environ.ie](mailto:firesafety@environ.ie)

# Sábháilteacht Dóiteáin i gCarbháin



**fire safety**  
*Be on your guard*



Comhshaoil, Pobal agus Rialtas Áitiúil  
Environment, Community and Local Government



Clúdaíonn an bhileog “Sábháilteacht Dóiteáin sa Bhaile” na príomhphointí faoi Shábháilteacht Dóiteáin i do theach. Diríonn an bhileog seo go sonradh ar Shábháilteacht Dóiteáin i gCarbháin agus ar Shuíomhanna Carbháin.

## Cosc

### Ná déan na nithe seo riamh:

- ✗ Peitreal nó pairifín a úsáid nuair atá sorn breosla soladach á lasadh.
- ✗ Coinneal a fhágáil ag dó leis féin, agus úsáid coinneoir ceart i gcónaí.
- ✗ Leanaí óga a fhágáil leo féin.
- ✗ Lasáin agus lastóirí a fhágáil san áit a bhfaigheadh leanaí iad.
- ✗ Toitín a chaitheamh sa leaba, nó nuair atá tú tinn nó ar chógais.
- ✗ Ná fágfar pan sceallóga, friochtáin, srl gan aire ar feadh nóiméad amháin fiú.
- ✗ Ná cuirtear ualach rómhó ar shoicéad leictreach (plocóid amháin – soicéad amháin!).
- ✗ Ná húsáidear fearais leictreacha atá lochtach.
- ✗ Ná biodh fearais leictreacha á rith as soicéad solais leictreach.

### Déan cinnte de:

- ✓ Go nglantar do shimpléir uair sa bhliain ar a laghad nó go ndéantar seirbhísiú ar an chóras teasa go rialta.
- ✓ Go mbíonn do shorcóir gáis lasmuigh, ar thalamh cruu agus amach ó fhoinsi teasa.
- ✓ go coinntear luaithreadáin folamh nuair nach mbíonn siad in úsáid.
- ✓ go mbíonn múchtóir oiriúnach tine agus blaincéad dóiteáin in aice leis an bpríomhdhoras.
- ✓ Go ndéantar scrúdú sábháilteachta rialta dóiteáin roimh dhul a lui.
- ✓ Go mbaintear gach fearas neamhriachtanach leictreach as na plocóidí san oíche.
- ✓ Go ndúntar na doirse go léir san oíche.

## Brath Dóiteáin.

Tá aláram deataigh deartha chun rabhadh luath dóiteáin a thabhairt duit.

Ni raibh aláram deataigh á feidmiú in 82% de na dóiteáin inar maraíodh daoine.

### Déan cinnte de:

- ✓ Go mbíonn Aláram Deataigh amháin ar a laghad feistithe
- ✓ Bain triail as do chuid aláram deataigh uair sa tseachtain **ar a laghad.**
- ✓ Athraigh na cadhnraí gach bliain.
- ✓ Athraigh an cadhnra láithreach nuair a fhuaimíonn an bip rabhaidh.

## Plean Éalaithe

Nuair a thugann an tAláram Deataigh rabhadh duit go bhfuil dóiteán i do theach go chóir go mbeadh “Plean Éalaithe” agat ionas go mbeidh tú féin agus do theaghlach in ann éalú go sábháilte.

### Déan cinnte de:

- ✓ Go bpleanálann tú druil éalaithe le do theaghlach go léir agus é a chleachtadh go rialta.
- ✓ Nuair is féidir biodh bealach eile amach agat má tharlaíonn go mbíonn do phríomhbhealach amach bactha ag an tine.
- ✓ Biodh ionad cruinnithe agat in áit shábháilte lasmuigh den teach.
- ✓ Bí cinnte go mbíonn gach bealach éalaithe glan de lá is d'oíche.

- ✓ Biodh eochracha do dhoirse agus d'fhuinneoga ar fáil go héasca agus gan mhoill.
- ✓ Biodh a fhios agat cá bhfuil an fón is gaire duit chun teagmháil leis na seirbhísi éigeandála.

## Glaoch ar na Seirbhísi Éigeandála

- ✓ Dailigh 999 nó 112
- ✓ Inis don oibrítheoir cén seirbhís atá uait.
- ✓ Labhair go réidh agus go soiléir agus tabhair seoladh an dóiteáin agus d'uimhir teileafóin. (Má tá teileafón póca á úsáid agat d'fhéadfadh an t-oibrítheoir a fhiafraí díot cén chontae ina bhfuil tú).
- ✓ Ná croch suas go dtí go ndeireann an t-oibrítheoir leat é.

